# Fógra Príobháideachais **na Seirbhíse Dóiteáin**

Ag Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. Oscail d'aip cheamara
2. Frámáil an cód QR
3. Cliceáil ar an mír aníos

# Fógra Príobháideachais
# **na Seirbhíse Dóiteáin**

## Cén fáth a bpróiseálann an tSeirbhís Dóiteáin sonraí pearsanta?

**Próiseálaimid do shonraí pearsanta (faisnéis) chun freagraí a bhainistiú ar:**


- Tinte
- Timpistí tráchta
- Teagmhais éigeandála.

Ina theannta sin, má tá tú fostaithe ag an tSeirbhís Dóiteáin, próiseálaimid do shonraí pearsanta chun oiliúint a chur ar fáil agus chun do chonradh linn a chomhlíonadh.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann an tSeirbhís Dóiteáin?

**Próiseálaimid na sonraí pearsanta seo a leanas:**

- Ainm
- Seoladh Baile
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais
- Uimhir theileafóin
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora
- Sonraí sláinte
- Clárú feithicle
- Teastais oiliúna
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad an dá chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tá dualgas dlíthiúil orainn do shonraí pearsanta a phróiseáil | Gach oiliúint a thaifeadadh faoin reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Nuair atá cigireachtaí sábháilteachta dóiteáin á ndéanamh againn |

## Cé leis a roinneann an tSeirbhís Dóiteáin do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- Gairmithe árachais
- Gairmithe dlí
- Comhairleoirí teicniúla
- An tSeirbhís Chúirteanna
- Éascaitheoirí oiliúna
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí amhail soláthraithe a bhainistíonn ár gcóras párolla.

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait maidir leis an gcaoi a bpróiseálaimid faisnéis laistigh den tSeirbhís Dóiteáin, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**